Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

# Aighneacht don Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach

## 1. Réamhrá

Comhlacht neamhspleách, neamhpháirteach is é an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a bhfuil sé de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar an reachtaíocht atá mar bhonn le creat eitice an Stáit, go sonrach i réimsí na heitice in oifig phoiblí, rialáil na brústocaireachta agus an airgeadais pholaitiúil. Déanann an Coimisiún *An tAcht um Eitic In Oifigí Poiblí, 1995* arna leasú leis an *Acht um Chaighdeáin In Oifigí Poiblí, 2001* (a dtugtar na hAchtanna um Eitic orthu le chéile) a riar; chomh maith leis an *tAcht Toghcháin, 1997*, arna leasú; *Acht an Oireachtais (Oifigí Aireachta agus Páirliminte) (Leasú), 2014*, agus *an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*.

Tá roinnt moltaí déanta ag an gCoimisiún chun an reachtaíocht a leasú faoin sainordú chun an creat trédhearcachta in Éirinn a fheabhsú agus a atreisú. Tá trácht déanta ag an gCoimisiún go rialta ina thuarascálacha bliantúla[1] ar shaincheisteanna a thagann chun cinn faoi na hAchtanna. Tá na tuarascálacha bliantúla is deireanaí de chuid an Choimisiúin ar fáil ar láithreáin ghréasáin an Choimisiúin. Cuirfear cóipeanna díobh ar fáil don Choiste ionas go mbeidh sé éasca tagairt a dhéanamh dóibh. Foilsítear liosta iomlán de na tograí uile a dhéanann an Coimisiún agus nach bhfuil curtha i ngníomh uair sa bhliain ina thuarascálacha bliantúla.

Is iad na ranna rialtais atá freagrach as ceannaireacht a thabhairt don bheartas maidir leis na hábhair atá faoi shainchúram an Choimisiúin ná an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (eitic agus an rialáil stocaireachta), agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (airgeadas polaitiúil).

Tá aighneachtaí déanta ag an gCoimisiún freisin chuig na príomh-ranna mar fhreagairt ar athbhreithnithe atá déanta ar an reachtaíocht faoin shainchúram, agus a chuid barúlacha ar chur i bhfeidhm na n-achtanna curtha leo. Le déanaí, chuir an Coimisiún aighneachtaí fada fairsing chuig an dara athbhreithniú reachtúil ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil agus chuig an gcomhairliúchán ar an togra chun Coimisiún Toghcháin a chruthú. Tá an dá

[1] Tá oibleagáid reachtúil ar an gCoimisiún dhá thuarascáil bhliantúla leithleacha a tháirgeadh: ní mór an chéad cheann, a thuairiscíonn ar ghníomhaíochtaí foriomlána an Choimisiúin, a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin 30 Meitheamh gach bliain le bheith pléite i dTithe an Oireachtais; tá an dara ceann, a thuairiscíonn ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, curtha díreach faoi bhráid Thithe an Oireachtais faoin 30 Meitheamh gach bliain.

aighneacht ar fáil ar láithreáin ghréasáin an Choimisiúin. Tá liosta de na moltaí go léir a rinne an Coimisiún maidir leis na hAchtanna um Eitic ar fáil in **Aguisín A**. Tá liosta de na moltaí nach bhfuil glactha go dtí seo maidir leis an Acht um Stocaireacht a Rialáil ar fáil in **Aguisín B**.

Amhlaidh mar atá iarrtha ag an gComhchoiste, agus ag féachaint do shainchúram reachtúil an Choiste, tá forbhreathnú le fáil san aighneacht seo ar róil agus cumhachtaí an Choimisiúin faoi na hAchtanna um Eitic agus faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, agus tá moltaí le fáil inti maidir le bearta a neartódh an dá ionstraim seo, agus atá luaite roimhe seo ag an gCoimisiún ina chuid aighneachtaí agus tuarascálacha reachtúla atá curtha amach roimhe seo. Cé go bhfuil moltaí maidir le hathrú teicniúil nó riaracháin san áireamh i moltaí an Choimisiúin a foilsíodh roimhe seo freisin, tá na moltaí san aighneacht seo dírithe ar na réimsí sin ina bhfuil bearnaí i gcreataí cur chun feidhme agus forfheidhmithe na reachtaíochta.

Níl saincheisteanna nós imeachta nó teicniúla eile atá sinaitheanta ag an gCoimisiún roimhe seo pléite ag seo. Tá forbhreathnú cuimsitheach i dtuarascálacha bliantúla an Choimisiúin ar mholtaí a ndearnadh iad i dtaca leis sin.

## 2. Struchtúr an Choimisiúin

Tá seisear comhaltaí ar an gCoimisiún, lena n-áirítear an Cathaoirleach, nach mór dó a bheith ina bhreitheamh reatha nó iar-bhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí nó de chuid na hArd-Chúirte, agus déanann an tUachtarán é a cheapadh le téarma sé bliana, tar éis dó chomhairle an Rialtais ina leith a fháil agus tar éis rún a bheith rite sa dá Theach san Oireachtas. Tá ceathrar comhaltaí ex-officio i seilbh oifige mar chuid dá róil shubstainteacha, is iad sin an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an tOmbudsman, Cléireach Dháil Éireann agus Cléireach Sheanad Éireann. Faoi dheireadh, ní mór don séú ball a bheith ina iarchomhalta de cheann de Thithe an Oireachtais, agus déanann an Rialtas é a cheapadh le téarma sé bliana tar éis rún a bheith rite sa dá Theach.

Faigheann an Coimisiún tacaíocht ón Rúnaíocht, gur as Oifig an Ombudsman an fhoireann ann.

Bhí folúntais ann chun ról an Chathaoirligh agus iarbhall an Oireachtais a líonadh i mí Feabhra 2020 nuair a tháinig deireadh leis na téarmaí oifige sin. D'ainneoin na bhfolúntas atá ann faoi láthair nach bhfuil líonta, tá an Coimisiún in ann leanúint ar aghaidh leis an gcuid is mó dá gcuid reachtúil, seachas amháin nach bhfuil sé in ann leanúint le himscrúdú faoi na hAchtanna um Eitic a dhéanamh. Tuairimí chomhaltaí reatha an Choimisiúin is iad na tuairimí atá san aighneacht seo agus léirítear iontu tuairimí atá luaite roimhe seo.

## 3. Na hAchtanna um Eitic

### Oibleagáidí

Tá oibleagáidí do na comhaltaí tofa de Thithe an Oireachtais agus do sheirbhísigh shibhialta agus phoiblí shinsearacha leagtha amach sna hAchtanna um Eitic maidir le nochtadh leasanna inchláraithe (agus i gcás sealbhóirí oifige[2], leasanna inchláraithe a gcéile a bpáirtnéara shibhialta agus a leanaí nó a leas-leanaí), dearbhuithe maidir le leasanna agus aisghairmeacha ábhartha, leis an gcomhlíonadh cánach, agus maidir le bronntanais a fháil agus a dhiúscairt. Déantar foráil iontu maidir le foilseachán cód iompair a do shealbhóirí oifige, do chomhaltaí an dá Theach agus do sheirbhísigh phoiblí.

### Dualgais agus freagrachtaí an Choimisiúin

Mar thaca leis na hoibleagáidí reachtúla seo, faigheann an Coimisiún ráitis leasa agus teastais imréitigh cánach, agus dhéanann sé iadsan a choinneáil, foilsíonn sé treoir agus soláthraíonn sé comhairle do dhaoine a bhfuil oibleagáidí orthu faoi na hAchtanna. Tá cumhachtaí ag an gCoimisiún fiosrúcháin agus imscrúduithe a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh féideartha maidir le forálacha an Achta arna ndéanamh ag sealbhóirí oifige freisin, chomh maith le neamhchomhlíonadh cód iompair agus Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

### Maoirseacht Chomhroinnte

Tá roinnt maoirseachta ar an gcomhlíonadh le creat eitice an Stáit comhroinnte idir roinnt mhaith comhlachtaí éagsúla. Déanann Coistí um Leasanna Comhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann maoirseacht ar chomhlíonadh Chomhaltaí an Oireachtais nach sealbhóirí oifige iad. Déanann comhlachtaí poiblí maoirseacht ar chomhlíonadh a gcuid fostaithe ó lá go lá. Cé go bhféadfaidh an Coimisiún imscrúduithe a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh bhaill údaráis áitiúil, is na húdaráis áitiúla a dhéanann an mhaoirseacht ar an gcomhlíonadh laistigh dá n-eagraíochtaí féin agus is féidir leo an neamhchomhlíonadh a imscrúdú ar an gcéad dul síos.

### Teorannacha chumhachtaí an Choimisiúin

Faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair, tá an Coimisiún teoranta maidir le cumhachtaí áirithe cur chun feidhme agus forfheidhmithe, agus tá sé sin tar éis feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil chreat eitice an Stáit a lagú. Go háirithe:

- **Tá freagracht reachtúil as maoirseacht ar eitic roinnte ar go leor comhlachtaí,** lena n-áirítear an mhaoirseacht ar an reachtaíocht agus ar chóid iompair. Tá páirt le glacadh ag an gCoimisiún, na Coistí um Leasanna Comhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann, údaráis áitiúla, ceannairí comhlachtaí poiblí, agus Boird um

I measc na sealbhóirí oifige atá ann, tá Airí, Airí Stáit, an tArd-Aighne, Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann nó Seanad Éireann, agus Cathaoirligh Choiste de cheachtar Teach den Oireachtas nó Cathaoirleach Chomhchoiste de chuid dhá Theach an Oireachtais.[2]

Cheapacháin Sheachtracha, iad go léir. Tá an acmhainneacht ag an idirdheighilt seo easpa comhleanúnachais a chur le léirmhíniú agus le feidhmiú an chreata eitice, agus caillfear an chreidiúnacht dá bharr.

- **Ní dhéantar foráil sna hAchtanna um Eitic do chionta as mainneachtain forálacha an Achta a chomhlíonadh**, lena n-áirítear sáruithe teicniúla (ráitis úis a chomhdú, ráitis úis ábhartha, nó comhlíonadh cánach laistigh de na hamlínte reachtúla) nó sáruithe níos substaintiúla (amhail mainneachtain nochtadh a dhéanamh leas inchláraithe nó post duine a úsáid chun leas príobháideach a chur chun cinn). Níl ach dhá bheart gur féidir leis an Coimisiún a dhéanamh, an t-imscrúdú agus an tuairisciú. Cé gur féidir ionchúiseamh, fíneáil, nó fiú dícháiliú óna bheith i seilbh oifige mar gheall ar sháruithe a dhéanamh i ndlínsí eile, in Éirinn níl aon smachtbhanna ann i ndáil leis an neamhchomhlíonadh, seachas an tuarascáil phoiblí, agus ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin faoi bhun imscrúdaithe iomláin.

- **Níl gach uile oifigeach poiblí clúdaithe leis na hAchtanna um Eitic faoi láthair** - táthar tar éis roinnt comhlachtaí poiblí a bhunú/chumaisc le blianta beaga anuas gan a gcuid fostaithe a chur faoi shainchúram na nAchtanna um Eitic. Thairis sin, níl aon chód iompair ann faoi láthair a rialaíonn iompar na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

- Níl údarás ag aon chomhlacht poiblí faoi láthair **imscrúduithe nó fiosrúcháin a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar na hAchtanna um Eitic ag iarchomhaltaí den Oireachtas**, seachas ar na sealbhóirí oifige, ach ní go dtí go bhfágann siad a n-oifig.

- **Níl aon oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí fógra a thabhairt don Choimisiún faoi cheapacháin chuig oifig shinsearach.** Gan an oibleagáid sin, féadfar sealbhóirí oifige a bheith aineolach ar a gcuid oibleagáidí agus ní féidir leis an gCoimisiún ceanglais an Achta a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir le comhlíonadh cánach dá bharr.

- **Níl an gCoimisiún oifigeach fiosrúcháin a cheapadh chun réamhfhiosrúchán a dhéanamh ar a chonlán féin**, agus ní féidir leis é a dhéanamh ach amháin de bhun gearáin. Ligeann réamhfhiosrúcháin don Choimisiún fiosrú a dhéanamh ar ábhar d'fhonn a mheas an bhfuil fianaise prima facie ann maidir leis an neamhchomhlíonadh agus faoina bhfuil gá le himscrúdú iomlán. Is minic a dhéantar imní agus ceisteanna a réiteach le réamhfhiosrúcháin gan costais imscrúdaithe iomláin a thabhú. Is iondúil go mbíonn siad níos discréidí agus maolaíonn siad an riosca atá ann go ndéanfar dochar do chlú na daoine atá i gceist, go háirithe nuair nach bhfuil aon chás prima facie leagtha amach.

- **Níl an Coimisiún in ann imscrúduithe a chur ar aghaidh faoi na hAchtanna um Eitic más rud é nach bhfuil na sé chomhalta go léir i láthair.** Áirítear leis seo éisteachtaí imscrúdaithe a reáchtáil agus réamhthuarascálacha fiosrúcháin a bhreithniú. Sa chás go bhfuil folúntas ar an gCoimisiún nó dúshláin sceidealaithe, d'fhéadfadh moill gan ghá a bheith mar thoradh air seo. Chuirfeadh sé dlús leis an obair imscrúdaithe dá mba gceadófaí córam simplí.

- Tá raon feidhme na nAchtanna um Eitic dírithe ar an dearbhú leasanna agus ar an nglacadh le bronntanais, agus tá **rialacha neamhshonracha ann maidir le "beart mionsonraithe" a dhéanamh**. Cé go n-áirítear rialacha go sainráite maidir leis an bhfiníochas, an chóireáil fhabhrach agus leas príobháideach a chur chun cinn go míchuí i ndlínsí eile, níl aon fhorálacha sonracha dá leithéid sin déanta sna hAchtanna um Eitic. Tá coincheap an "ghnímh shonraithe" chomh leathan sin ag an am céanna gur féidir gach aon iompar a ghabháil leis, agus níl sé sainiúil go leor chun treoir a thabhairt do dhaoine atá faoi réir na nAchtanna maidir le sárú féideartha, a d'fhéadfadh a bheith ann. Bheadh sé áisiúil dá mba rud é go soiléireofaí fhoráil seo.

## Moltaí gur cheart leasuithe a chur leis na hAchtanna um Eitic

Bunaithe ar na bearnaí thuasluaite, moltar na leasuithe reachtacha seo a leanas a chur i gcrích:

- Ba cheart **an fhreagracht reachtúil as an gcreat eitice a chur i bhfeidhm agus an mhaoirseacht a ndéantar air a shruthlíniú** agus a dhéanamh níos éifeachtaí.

- Ba cheart na hAchtanna a leasú chun **foráil a dhéanamh do chionta as sáruithe ar fhorálacha an Achta**, as sáruithe teicniúla agus substainteacha araon, agus do phionóis iomchuí ar chiontú freisin.

- Ba cheart rialacháin lena bhforordaítear **poist ainmnithe a nuashonrú go rialta** agus ba cheart na poist nua a fhororfú i gcomhlacht atá le bunú (cibé acu go hiomlán as an nua nó as comhlachtaí atá ann cheana féin á gcumasc) a bheith curtha san áireamh mar chuid den phróiseas bunaíochta. Ina theannta sin, ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chruthú/chumasc/díscaoileadh comhlachtaí den sórt sin.

- Ba cheart foráil shonrach a dhéanamh chun **imscrúduithe a cheadú i gcoinne iarchomhaltaí an Oireachtais** in imthosca ina mbaineann an t-ábhar le caingne a tharla le linn a dtréimhse oifige ach a thagann chun solais tar éis don bhall a oifig a fhágáil.

- Ba cheart an tAcht a leasú chun a c**heangal ar chomhlachtaí poiblí fógra a thabhairt don Choimisiún faoi cheapacháin nua** chuig oifig shinsearach, chun cur i bhfeidhm éifeachtach na riachtanas um chomhlíonadh cánach a éascú.

- Ba cheart **an chumhacht a thabhairt don Choimisiún Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun réamhfhiosrúchán a dhéanamh ar ábhar i gcásanna nach bhfuil gearán** déanta faoi na hAchtanna um Eitic.

- Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le **córam de thriúr ball ar a laghad** (agus an Cathaoirleach san ina measc i gcónaí) chun imscrúdú a éisteacht faoi na hAchtanna um Eitic.

- Ba cheart **soláthar na soiléireachta nó na sainiúlachta feabhsaithe maidir le téarma an "ghnímh shonraithe"** a bheith curtha san áireamh.

## 4. An Bhrústocaireacht a Rialáil:

### Oibleagáidí

Foráiltear leis an Acht um Brústocaireachta a Rialáil nach mór do gach aon duine a thagann faoi raon feidhme an Achta agus a dhéanann cumarsáid ábhartha le hoifigigh phoiblí ainmnithe iarratas a dhéanamh chun clárú ar an gClár Brústocaireachta agus tuairisceáin rialta a chur isteach ina ndéantar a ghníomhaíochtaí brústocaireachta a nochtadh. Déantar foráil san Acht do na cionta ag seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh gan a bheith cláraithe;
- Mainneachtain tuairisceán a dhéanamh faoin spriocdháta;
- Aon fhaisnéis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin atá a bhfuiltear ar an eolas gur míchruinn nó míthreorach í;
- Mainneachtain comhoibriú le hoifigeach imscrúdaithe atá ag imscrúdú sáruithe ar an Acht; agus
- Bacainn a chur ar imscrúdú.

Féadfar imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe ar na forálacha thuasluaite, agus iad a ionchúiseamh. Féadfar don Choimisiún pionóis airgid seasta a ghearradh ar thuairisceáin dhéanacha.

Tá foráil déanta leis an Acht do shrianta iarfhostaíochta i ndáil le hoifigigh phoiblí ainmnithe áirithe freisin, a luaithe is a fhágann siad a n-oifig. Go sonrach, tá cosc curtha ar Airí, Airí Stáit, comhairleoirí aireachta agus státseirbhísigh sinsearacha an bhrústocaireacht a dhéanamh thar ceann an chomhlachta phoiblí ina raibh siad ag obair nó thar ceann a gcuid n-iar-chomhghleacaithe a raibh baint acu leo sa bhliain is deireanaí dóibh a bheith san oifig, nó ó bheith fostaithe ag duine a rinne stocaireacht in imthosca dá leithéid, nó seirbhísí a sholáthar don duine sin, gan toiliú a fháil leis ón gCoimisiúin.

Féadfar do dhuine atá faoi réir fhorálacha iarfhostaíochta an Achta iarratas a dhéanamh ar an gCoimisiún an tréimhse chealúcháin a tharscaoileadh nó a laghdú. Féadfar don Choimisiún an iarraidh a dhiúltú, nó í a dheonú nó a dheonú faoi réir coinníollacha áirithe. Ní mór toiliú a bheith faighte agat chun dul i mbun aon cheann de na gníomhaíochtaí brústocaireachta a dtoirmisctear le halt 22. Murab ionann agus na hoibleagáidí eile atá leagtha amach san Acht, ní thugtar aon cumhachtaí pionóis ná forfheidhmithe go sainráite don Choimisiún maidir le sáruithe ar an bhforáil seo.

### Dualgais agus freagrachtaí an Choimisiúin

Is é an Coimisiún an Cláraitheoir Brústocaireachta agus déanann sé an clár a choinneáil ar líne. Soláthraíonn sé treoir maidir leis na ceangaltais san Acht, agus féadfar dó cinneadh a

dhéanamh maidir le hiarratais chun faisnéis phearsanta a cheilt, chun moill a chur ar ábhar a bheith foilsithe nó chun faisnéis ar an gclár a leasú/scriosadh.

Faoi alt 22 den Acht, déanann an Coimisiún cinneadh freisin ar iarratais chun an tréimhse chealúcháin iar-fhostaíochta a tharscaoileadh nó a laghdú.

Ón tráth ar cuireadh tús leis an Acht, in 2015, tá 17 iarratas den sórt sin faighte ag an gCoimisiún. Is ó chomhairleoirí aireachta ar tháinig formhór na haighneachtaí sin. Tá achoimre ar na hiarratais a fuarthas ar fáil ag **Aguisín C**.

Ón tráth ar cuireadh tús leis an Acht, tá cumarsáid agus for-rochtain shuntasach déanta ag an gCoimisiún do na páirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil oibleagáidí orthu faoin Acht, lena n-áirítear daoine a bhfuil sé dóchúil go mbeadh siad ag déanamh na stocaireachta, chomh maith le hoifigigh phoiblí ainmnithe. Foilsíodh treoir sain-oiriúnaithe, lena n-áirítear treoir chuimsitheach do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEnna, chomh maith le huirlisí tagartha gasta do DPOnna. Tuigtear go gcuireann comhlachtaí poiblí DPOnna ar an eolas faoina n-oibleagáidí faoin reachtaíocht eitice agus brústocaireachta nuair a thosaíonn siad ina bpost. Scríobhann an Coimisiún chuig sealbhóirí oifige, lena n-áirítear Airí, Airí Stáit agus státseirbhísigh sinsearacha, maidir leis na hoibleagáidí atá orthu, ag an tráth a gceaptar iad, go bliantúil, agus ar imeacht dóibh.

## Teorannacha chumhachtaí an Choimisiúin

D'aithin an Coimisiún bearnaí áirithe san Acht a chuireann bac ar a éifeachtúlacht agus a chuireann teorainn le cumas an Choimisiúin chun an comhlíonadh a mhaoirsiú i gceart. Go háirithe:

- **Tá foráil déanta leis an Acht go bhfoilseofar Cód Iompair, ach níl aon cumhacht reachtúil ná infhorfheidhmitheacht tugtha dó sin leis.** Tá foráil déanta le halt 16 (5) den Acht nach mór don duine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta "aird a thabhairt ar an gcód iompair". Níl aon údarás arna fhoráil leis an Acht, áfach, don Choimisiún an Cód a fhorfheidhmiú, ná sáruithe ar an gCód a imscrúdú, ná iad a thuairisciú.

- **Níl forálacha iarfhostaíochta an Achta infheidhmithe.** Tá foráil déanta le halt 22 den Acht go mbeidh Airí, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus oifigigh phoiblí shinsearacha ("DPOnna ábhartha") arna bhforordú chun críocha alt 6(1) den Acht faoi réir thréimhse "chealúcháin aon bhliain amháin" tar éis dóibh a n-oifig a fhágáil. Tá cosc ar DPOnna ábhartha dul i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca áirithe, agus gan a bheith fostaithe ag, dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca áirithe, ná seirbhísí a sholáthar dó, le linn na tréimhse "chealúcháin" gan toiliú a bheith acu ón gCoimisiún amhlaidh a dhéanamh. Cé go bhfuil an toirmeasc san Acht soiléir, níl aon chion gaolmhar ann maidir le sáruithe,

agus níl cumhachtaí imscrúdaithe an Choimisiúin faoi alt 19 den Acht ag gabháil leis na forálacha seo. Fágann sé sin go bhfuil na forálacha iarfhostaíochta gan chumhacht, san fhírinne. Rinne an Coimisiún trácht ar an gceist seo i ngach tuarascáil bhliantúil agus in gach aighneacht reachtach ó cuireadh tús leis an Acht.

- **Tá forálacha iar-fhostaíochta an Achta maidir le "daoine ceangailte" cúng ó thaobh raon feidhme de.** Faoi láthair, tá cosc curtha ar DPOanna áirithe (Airí, Airí Stáit, comhairleoirí aireachta agus státseirbhísigh sinsearacha) an bhrústocaireacht a dhéanamh thar ceann an chomhlachta phoiblí ina raibh siad ag obair nó thar ceann a gcuid n-iar-chomhghleacaithe a raibh baint acu leo sa bhliain is deireanaí dóibh a bheith san oifig. Ní léiríonn sé sin na líonraí atá ag na daoine seo le DPOnna lasmuigh don chomhlacht poiblí áirithe ina bhfuil siad féin, oifigigh eile, comhairleoirí nó comhghleacaithe Comh-Aireachta, mar shampla.

- **Níl aon trédhearcacht ann i gcásanna ina ndeonaítear nó ina ndiúltaítear iarratais chun an tréimhse chealúcháin a tharscaoileadh/laghdú.** Féadfar don Choimisiún achoimrí gan ainm a fhoilsiú ina chuid tuarascálacha bliantúla ar iarratais a fhaightear faoi alt 22, ach ní féidir leis a dhearbhú an bhfuil an duine tar éis post a ghlacadh le toiliú an Choimisiúin nó nach bhfuil. Is é an éifeacht atá aige seo ná go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do chlú an duine i gcásanna a bhfuil a chuid oibleagáidí comhlíonta aige; is féidir leis an chreidiúint mhícheart a chur in iúl chomh maith go bhfuil toiliú ag duine nuair nach bhfuil toiliú dá leithéid faighte aige.

- Murab ionann agus mar atá faoi na hAchtanna um Eitic, leis an Acht seo, **ní cheadaítear tuarascálacha imscrúdaithe a bheith foilsithe, lena n-áirítear in imthosca nár fuarthas sárú ar bith iontu.** Tá sé dóchúil go dtarlóidh sé seo toisc go bhfuil foráil sa reachtaíocht brústocaireachta do chionta coiriúla. Mar sin féin, sa chás nach bhfuil go leor fianaise ann chun dul ar aghaidh chuig ionchúiseamh, nó i gcás ina léiríonn an fhianaise nár tharla sárú ar bith, níl aon sásra ann chun fíricí an cháis a chur in iúl. D'fhéadfadh an easpa trédhearcachta a ghabhann leis dochar a dhéanamh don mhuinín atá curtha i gcumhachtaí forfheidhmithe an Choimisiúin agus do láidreacht na reachtaíochta brústocaireachta.

- **Níl aon sásra ann chun cosc a chur ar DPOnna leanúint ar aghaidh ag déanamh teagmhála le daoine nach gcomhlíonann an tAcht**, cibé acu maidir lena n-oibleagáidí tuairisceáin a chlárú/a chur isteach, nó na forálacha iarfhostaíochta. Mar gheall air sin, níl aon iarmhairt dáiríre a tharlaíonn mar gheall ar sháruithe - is féidir le daoine neamhchomhlíontacha rochtain a bheith acu ar DPOnna agus an bhrústocaireacht a dhéanamh in éineacht lena gcomhghleacaithe comhlíontacha.

- **Níl aon iarmhairt ann do dhuine a ghlacann gníomh d'aon ghnó arna dhéanamh chun a oibleagáidí faoin Acht a sheachaint,** mar shampla, stiúrthóirí gan phá a bheith acu in ionad foirne íoctha a dhéanann cumarsáid bhrústocaireachta, nó an bhrústocaireacht i dtír eachtra chun iarracht a dhéanamh an oibleagáid clárúcháin a sheachaint, nó taifid de ghníomhaíochtaí brústocaireachta a scriosadh. Is uirlisí coitianta iad clásail frithsheachanta chun cosc a chur ar bhearta a dhéantar chun oibleagáidí reachtúla a sheachaint, ach níl siad áirithe san Acht um Brústocaireacht a Rialáil.

## Moltaí maidir le leasuithe le bheith curtha leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil:

Bunaithe ar na bearnaí thuasluaite, moltar na leasuithe reachtacha seo a leanas a chur i gcrích:

- Go ndéanfar an tAcht a leasú chun **an Coimisiún a chur ar a chumas imscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar sháruithe ar an gCód Iompair** maidir le daoine a dhéanann gníomhaíochtaí brústocaireachta. D'fhéadfadh sé seo oibriú ar aon dul le cumhachtaí reatha an Choimisiúin chun sáruithe eitice a imscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh orthu.

- Ba cheart **forálacha iarfhostaíochta an Achta a neartú** trí na bearta seo a leanas a thabhairt isteach:
    - Ba cheart gurbh ionann mainneachtain comhlíonadh le halt 22 den Acht (maidir le hiarratas ar thoiliú a chur isteach, nuair is gá, nó maidir le cinneadh an Choimisiúin maidir le hiarratas ar thoiliú a chomhlíonadh) agus sárú ábhartha faoi alt 18 den Acht, chomh maith le cion faoi alt 20 den Acht freisin.
    - Raon feidhme an tsainmhínithe ar "daoine ceangailte" a leathnú amach chun aon chomhlacht poiblí nó DPO a bhféadfadh baint, tionchar nó teagmhálacha suntasacha a bheith ag an duine leis a bheith clúdaithe leis, seachas amháin an iar-chomhlacht poiblí ina raibh sé féin, nó fostaithe an chomhlachta sin.
    - A ligean don Choimisiún sonraí áirithe a fhoilsiú maidir lena chinntí chun an tréimhse chealúcháin faoi alt 22 den Acht a tharscaoileadh nó a laghdú.

- Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann **sonraí achoimre ar imscrúduithe a fhoilsiú**. Ligfear dá bharr don trédhearcacht feabhsaithe agus chuirfeadh sé leis an iontaoibh maidir leis an mhaoirseacht ar an gcóras gan próiseas na cúirte le haghaidh ionchúiseamh a sheachaint.

- **Ba cheart srian a chur ar brústocairí neamhchomhlíontacha maidir leis an rochtain ar DPOanna**, agus na bearta seo a leanas a dhéanamh:

    - Ba cheart go gceanglófaí ar DPOanna tuilleadh cumarsáide le brústocairí a dhiúltú nuair is eol don DPO gur mhainnigh sé a chuid oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh.
    - Sa chás gur ciontaíodh brústocaire i gcion faoin Acht, ba cheart go mbeadh údarás ag an gCoimisiún a ordú don DPO gan gnó a dhéanamh leis an duine sin.
    - Ba cheart gur cion é gan ceachtar de na forálacha seo a chomhlíonadh.

- **Ba cheart 'clásal frithsheachanta' a chur le** liosta na sáruithe ábhartha faoi alt 18 den Acht chun é a dhéanamh ina chion do dhuine aon ghníomh a dhéanamh a bhfuil sé mar chuspóir beartaithe aige a oibleagáidí nó faoin Acht a sheachaint nó a shárú.

## 5. Conclúid

Is é ról an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí comhlíonadh na reachtaíochta atá mar bhonn agus taca le creat trédhearcachta an Stáit a riar agus a mhaoirsiú. Agus é sin á dhéanamh, tháinig an Coimisiún ar roinnt bearnaí i raon feidhme na reachtaíochta agus sna cumhachtaí atá aige féin maidir lena riar agus lena forfheidhmiú. San aighneacht seo, tá na bearnaí agus na réitigh fhéideartha a chuirfeadh leis agus a neartódh an creat reachtach ina bhfeidhmíonn an Coimisiún sainaitheanta aige.

Táthar ag súil leis go mbeidh an aighneacht seo áisiúil don Chomhchoiste agus é ag freastal ar a dhualgais. Tá an Coimisiún fós ar fáil don Choiste sa chás go bhfuil tuilleadh faisnéise nó uaidh nó má tá gá ann faisnéis ann a shoiléiriú.

***An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí***
***Deireadh Fómhair 2020***

***

## Aguisín A

### Liosta iomlán de na Moltaí a rinneadh chun na hAchtanna um Eitic a athchóiriú (ó Thuarascáil Bhliantúil 2019 an Choimisiúin)

| # | An leasú beartaithe | Bliain leasaithe | Nótaí |
|---|---|---|---|
| *Leasuithe Nós Imeachta* | | | |
| 1 | Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun réamhfhiosrúchán a dhéanamh ar ábhar i gcásanna nach bhfuil gearán déanta faoi na hAchtanna um Eitic. | 2004 | |
| 2 | Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le córam de thriúr ball ar a laghad (agus an Cathaoirleach san ina measc i gcónaí) chun imscrúdú a éisteacht faoi na hAchtanna um Eitic. | 2008 | |
| 3 | Ba cheart don Choimisiún a thuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid gach Teach den Oireachtas seachas é a thabhairt don Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí, agus go ndéanann eisean é a chur faoina mbráid ina dhiaidh sin. | 2010 | |
| 4 | Ba cheart reachtaíocht a thabhairt isteach chun cuntasacht gach uile iar-oifigeach poiblí a dheimhniú, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil clúdaithe leis na hAchtanna um Eitic faoi láthair. | 2019 | |
| *Leasuithe eile atá beartaithe le déanamh ar na hAchtanna agus ar reachtaíocht ghaolmhar leo* | | | |
| 5 | Ba cheart go gcuirfí leasuithe leis na teorainneacha ama faoina mbeidh Dearbhuithe Reachtúla, Deimhnithe Imréitigh Cánach agus Ráitis Iarratais le déanamh nó le heisiúint agus le bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag comhaltaí tofa agus ag daoine a cheaptar iad i bpoist shinsearacha, chomh maith le stiúrthóirí sa tseirbhís phoiblí. | 2003 | Leis Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008, rinneadh an spriocdháta a leasú chun dearbhú reachtúil a dhéanamh ag duine a mholtar lena cheapadh in oifig bhreithiúnach suas ó aon mhí amháin go trí mhí; tá foráil den chineál sin ag teastáil do bhaill tofa agus do sheirbhísigh phoiblí shinsearacha chun an moladh a chur i gcrích. |
| 6 | Ba cheart cód iompair a ghlacadh le haghaidh seirbhísigh phoiblí agus baill de chuid bhoird stáit sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. | 2003 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 7 | Ba cheart rúin a thionscnaimh i dTithe an Oireachtais chun Cathaoirligh Choistí an Oireachtais a ainmniú mar shealbhóirí oifige chun críocha na nAchtanna um Eitic. | 2005 | |
| 8 | Ba cheart go mbeadh acht cuimsitheach ann lena ndéanfar na hAchtanna um Eitic a chomhdhlúthú leis an reachtaíocht eile go léir in ndéantar foráil maidir le leasanna oifigigh phoiblí a nochtadh agus aon fhorálacha gaolmhara leis. | 2009 | |
| 9 | Ba cheart go ndéanfaí leasú ar na forálacha maidir le gearáin faoi 'gníomh sonraithe' ionas gur féidir tagairt a dhéanamh do ráiteas ardleibhéil ar na prionsabail eiticiúla nach mór do sheirbhísigh phoiblí agus d'ionadaithe poiblí glacadh leo. | 2009 | |
| 10 | Ba cheart go ndéanfaí leasú ar an sainmhíniú ar 'dhuine nasctha' ionas go ndéanfaí foráil gur "duine nasctha" is é duine i ndáil le cuideachta a bhfuil sé nó sí ina stiúrthóir uirthi agus gur "daoine nasctha" iad stiúrthóirí eile na cuideachta sin i dtaca leis an duine sin freisin. | 2009 | |
| 11 | Ba cheart ceanglas a bheith ann go nochtfaí dliteanais mar 'leasanna inchláraithe'. | 2009 | |
| 12 | Ba cheart cur chuige na seirbhíse poiblí uile a ghlacadh chun éilimh dhúbailte ar chostais taistil agus chothaithe a chosc agus a bhrath. | 2014 | |
| 13 | Ba cheart foráil shonrach a dhéanamh chun gearáin a cheadú i gcoinne comhaltaí an Oireachtais in imthosca ina dtagann an t-ábhar chun solais tar éis don bhall atá i gceist a oifig a fhágáil. | 2017 | |
| 14 | Ba cheart an tAcht a leasú chun a cheangal ar chomhlachtaí poiblí fógra a thabhairt don Choimisiún faoi cheapacháin nua chuig oifig shinsearach, chun cur i bhfeidhm éifeachtach na riachtanas um chomhlíonadh cánach a éascú. | 2017 | |
| 15 | Go ndéanfar rialacháin amach anseo lena bhforordófar poist ainmnithe fostaíochta a chur i bhfeidhm an 1 Eanáir den bhliain tar éis dóibh a bheith fógartha. | 2018 | |
| 16 | Go ndéanfaí rialacháin lena bhforordaítear poist ainmnithe fostaíochta a nuashonrú go rialta agus go ndéanfaí poist nua ordaithe i gcomhlacht atá le bunú (cibé acu go hiomlán nua nó comhlachtaí atá á gcumasc) a mheas mar chuid den phróiseas bunaíochta. Ina theannta sin, ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chruthú/chumasc/díscaoileadh comhlachtaí den sórt sin. | 2018 | |
| 17 | Ba cheart míreanna éagsúla reachtaíochta ina dtugtar aghaidh ar eitic maidir le hoifigigh tofa agus seirbhísigh shibhialta agus phoiblí, lena n-áirítear forálacha iarfhostaíochta, a shruthlíniú chun an chomhsheasmhacht agus an éifeachtúlacht a chinntiú. | 2019 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 18 | Ba cheart don rialtas atá ag teacht isteach aird phráinneach a thabhairt dó go ritheann an reachtaíocht eitice athbhreithnithe luath go leor. | 2019 | |
| *Moladh a bhaineann leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001* | | | |
| 19 | Ba cheart gan ról an chláraitheora eitice sna húdaráis áitiúla a rothlú chomh minic sin is a dhéantar faoi láthair, is é sin uair gach dá bhliain, chun ligean don fhorbairt acmhainne agus don fhorbairt eolais agus saineolais, agus ba cheart don oifigeach sin a bheith ar leibhéal sinsearach san eagraíocht. | 2019 | |

## Aguisín B

## Liosta iomlán de na moltaí arna ndéanamh mar chuid den aighneacht maidir leis an Dara Athbhreithniú Reachtach ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

**Moladh 1:** Ba cheart an tAcht a leasú ionas go bhfuil foráil déanta go dtagann gach aon chomhlachtaí ionadaíocha gnó nó "comhghuaillíochtaí" leasa gnó, beag beann ar líon nó stádas na bhfostaithe ann, faoi raon feidhme an Achta, i gcásanna ina bhfuil duine amháin nó níos mó de chomhaltaí an chomhlachta / na comhghuaillíochta ag teacht faoin raon feidhme dá mba rud é go raibh siad ag gníomhú ina n-aonar. Ba cheart go gceanglófaí ar bhaill an chomhlachta / na comhghuaillíochta a bheith ainmnithe ar thuairisceáin chun tacú leis an trédhearcacht mhéadaithe.

**Moladh 2:** Ba cheart alt 5(3) den Acht a leasú chun foráil a dhéanamh, sa chás go ndéanann fostaí íoctha nó sealbhóir oifige san eagraíocht cumarsáid ábhartha thar ceann eagraíochta a thagann faoi raon feidhme an Achta, go nglacfar leis mar ghníomhaíocht brústocaireachta déanta ag an eagraíocht.

**Moladh 3:** Ba cheart an tAcht a leasú ionas go bhfuil sainmhíniú níos cuimsithí ar fhostaí lánaimseartha le fáil in alt 7.

**Moladh 4:** Ba cheart alt 5(1)(c) den Acht a leasú ionas go ndéanfar foráil chun an chumarsáid ábhartha faoi fhorbairt nó faoi chriosú talún a bhainistiú agus a threorú, anuas ar chumarsáid dá leithéid a dhéanamh.

**Moladh 5:** Ba cheart forálacha alt 5(1)(c) den Acht a theorannú do dhaoine a bhfuil leas ábhartha acu i ndáil le talamh a fhorbairt nó a chriosú nó a bhfuil baint acu le duine a bhfuil leas den sórt sin aige nó a dhéanann cumarsáid thar cheann duine dá leithéid.

**Moladh 6:** Ba cheart an tAcht a leasú chun cumarsáid a dhéanann páirtithe polaitiúla lena mbaill DPOanna a dhíolmhú ina gcáil mar chomhaltaí de chuid an pháirtí.

**Moladh 7:** Ba cheart feidhm ag an gcumarsáid díolmhaithe ag alt 7 den Acht i ndáil leis an gcaibidlíocht ar théarmaí agus ar choinníollacha fostaíochta a nglacann ionadaithe thar cheann chomhlachtaí ionadaíocha fostaithe eile.

**Moladh 8:** Ba cheart alt 11(1)(b) den Acht a leasú ionas go n-áireofar an seoladh ina ndéanann an duine a chuid gnó nó a "phríomhghníomhaíochtaí".

**Moladh 9:** Ba cheart na focail "go buan" a bhaint as alt 11 (4) den Acht.

**Moladh 10:** Ba cheart go n-áireofaí in alt 16 den Acht ceanglas sainráite ar an gCoimisiún aon chód iompair a fhoilseofar faoi alt 16 den Acht a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**Moladh 11:** Ba cheart an tAcht a leasú chun údarás a thabhairt don Choimisiún fiosrúcháin a dhéanamh agus sáruithe ar an gCód a thuairisciú.

**Moladh 12:** Ba cheart gurbh ionann mainneachtain comhlíonadh le halt 22 den Acht (maidir le hiarratas ar thoiliú a chur isteach, nuair is gá, nó maidir le cinneadh an Choimisiúin maidir le hiarratas ar thoiliú a chomhlíonadh) agus sárú ábhartha faoi alt 18 den Acht, chomh maith le cion faoi alt 20 den Acht freisin.

**Moladh 13:** Ba cheart d'fhostóirí DPOnna ábhartha a chinntiú go bhfuil DPOanna ar an eolas faoina n-oibleagáidí iarfhostaíochta agus iad ag beartú ar a bpost a fhágáil, agus go bhféadfaidh siad comhairle a lorg ón gCoimisiún de réir mar is gá.

**Moladh 14:** Ba cheart an tAcht a leasú chun raon feidhme alt 22 a leathnú amach ionas go gclúdaítear leis comhlachtaí poiblí agus DPOnna a bhféadfadh baint, tionchar nó teagmhálacha suntasacha a bheith ag an duine leo.

**Moladh 15:** Ba cheart an tAcht a leasú ionas go ligfear don Choimisiún sonraí áirithe a fhoilsiú maidir lena chinntí chun an tréimhse chealúcháin faoi alt 22 den Acht a tharscaoileadh nó a laghdú.

**Moladh 16:** Go gcuirfear clásal frithsheachanta le liosta na sáruithe ábhartha in alt 18 den Acht.

**Moladh 17:** Ba cheart go gceadófar don Choimisiún sonraí achoimre ar imscrúduithe faoi bhun alt 19 an Achta a fhoilsiú.

**Moladh 18:** Ba cheart an tAcht a leasú chun oibleagáidí a thabhairt isteach do DPOanna chun tuilleadh cumarsáide le daoine a dhiúltú más eol don DPO gur mhainnigh an duine sin gníomhaíochtaí brústocaireachta a ndearna sé roimhe seo a chlárú faoin dáta ábhartha.

**Moladh 19:** Ba cheart an tAcht a leasú chun údarás a thabhairt don Choimisiún chun a ordú d'aon DPO diúltú gnó a dhéanamh le duine ar ciontaíodh é i sárú ábhartha.

**Moladh 20:** Ba cheart an tAcht a leasú chun údarás a thabhairt don Choimisiún chun sáruithe ar na forálacha atá leagtha amach i moltaí 19 agus 20 thuas a imscrúdú.

**Moladh 21:** Ba cheart tabhairt faoi chlár oideachais faoi stiúir na Roinne chun comhlachtaí poiblí a chur ar an eolas faoin gcumarsáid dhíolmhaithe faoi alt 5(5)(n) den Acht agus faoi na ceangalais faoin gCód Trédhearcachta.

**Moladh 22:** Ba cheart tabhairt faoi chlár oideachais faoi stiúir na Roinne chun gníomhaireachtaí stáit ábhartha a chur ar an eolas faoin gcumarsáid dhíolmhaithe faoi alt 5(5)(m) den Acht agus faoi na cásanna ina bhfuil feidhm aige.

## Aguisín C

## Iarratais chun an tréimhse chealúcháin iar-fhostaíochta a tharscaoileadh/a laghdú faoi alt 22 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 ón tráth ar cuireadh tús leis an Acht

| Post an Iarratasóra | 2015 | 2016* | 2017 | 2018 | 2019 | 2020*ɫ | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Státseirbhíseach sinsearach (údarás áitiúil)** | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| **Státseirbhíseach sinsearach (roinn rialtais)** | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| **Comhairleoir Aireachta/speisialta** | 0 | 1 | 3 | 2 | 2 | 6 | 14 |
| **Aire Stáit** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Aire** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán foriomláin** | | | | | | | 17 |

** Bliain olltoghcháin (láimhdeachas beartaithe)*

*ɫ Figiúirí amhail mhí Dheireadh Fómhair 2020*